# Caifé na nEalaíontóirí agus na gCoimeádaithe: Amharclann Chois Fharraige

Dé Sathairn 27ú Meitheamh | 10am – 4.30pm | Amharclann Chois Fharraige, Indreabhán, H91 P23Y

Tá lúcháir ar Ealaín na Gaeltachta agus ar Visual Artists Ireland cuireadh a thabhairt duit a bheith i láthair ag Caifé na nEalaíontóirí agus na gCoimeádaithe in Amharclann Chois Fharraige. Is ar ealaíontóirí atá i mbun a gcleachtais i gCeantair Ghaeltachta Chonnacht, na Mumhan agus Thír Chonaill, agus ar fud Chontae na Gaillmhe, atá an ócáid seo dírithe, go príomha, agus tabharfaidh sí deis dóibh lá a chaitheamh i mbun plé ar an gcleachtas ealaíne comhaimseartha (le healaíontóirí atá ag obair i réimsí éagsúla).

Tabharfaidh an ócáid seo deis duit cur le do chuid eolais agus le do chuid teagmhálacha, rud a chuirfidh le do chuid tionscadail chruthaitheacha féin – is cuma más ealaíontóir thú nach bhfuil i bhfad i mbun do cheirde nó má tá tú ina bun le fada.

Seo é an chéad uair le deich mbliana a bheidh Caifé na nEalaíontóirí agus na gCoimeádaithe á reáchtáil i gConamara!

Bí linn in Amharclann Chois Fharraige leis an deis a bheith agat comhpháirtíochtaí nua a chruthú agus le hacmhainní a roinnt.

**Céard leis ar cheart duit a bheith ag súil?**

**Príomhchur i Láthair:** Aitheasc ón choimeádaí agus staraí ealaíne **Catherine Marshall**.
**Clinicí & Cuir i Láthair ó na na Coimeádaithe:** Faigh léargas ar an gceird ónár n-aoi-choimeádaithe – **Mary Conlon, Sara Muthi, Aoife Banks, agus Valeria Ceregini** – agus iad ag cur síos ar fhorbairt a dhéanamh ar thaispeántais agus mar a chothaíonn siad caidrimh ghairmiúla. Beidh deis ag na rannpháirtithe **clinicí coimeádaíochta 1:1** a eagrú, chomh maith le haiseolas pearsanta a fháil ó choimeádaí.

**Taispeántais Cheird na nEalaíontóirí:** Bí i láthair ealaíontóirí agus iad ag cur a gcuid saothar i láthair agus ag roinnt a gcuid taithí ar bheith ag forbairt a gcuid ceirde sa gceantar.
**Líonrú:** Cas le healaíontóirí eile i dtimpeallacht shuaimhneach.
**Lón:** Cuirfear lón éadrom ar fáil dóibh siúd a bheidh cláraithe.

Is **ócáid dhátheangach** í seo – Gaeilge agus Béarla.

**Táille Chlárúcháin:** €10 (lón éadrom san áireamh). Tae & Caife ó 9.30am. Is i gcomhpháirt le hEalaín na Gaeltachta atáthar ag eagrú na hócáide seo.

**Glaoch Oscailte: Taispeántais Cheird na nEalaíontóirí**

Tá áthas ar Ealaín na Gaeltachta, i gcomhpháirt le VAI, cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí a gcuid suime a léiriú lena gcuid saothar a thaispeáint sa gCaifé ar an 27 Meitheamh.

Na healaíontóirí a roghnófar, cuirfidh siad sleamhnáin dá gcuid saothar i láthair agus gheobhaidh siad €50 mar tháille taispeántais.

- **Le cur isteach ar áit:** Cláraigh don imeacht seo ar shuíomh idirlín an VAI agus cuir d'iarratas chuig **services@visualartists.ie**.
- **Riachtanais:** Ráiteas gearr ón ealaíontóir (150 focal) agus trí ghrianghraf d'ardchaighdeán de do chuid oibre.
- **Spriocdháta:** 9ú Meitheamh 2026.

## Beathaisnéisí

### Catherine Marshall (Príomhchainteoir)

Is coimeádaí agus staraí ealaíne í Catherine Marshall. Bhí sí ina leachtóir i Stair na hEalaíne i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus sa gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Agus í ina ceann bhunaidh ar na bailiúchán in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, bhí sí i mbun coimeádaíochta ar ealaín sheachtrach ó Bhailiúchán Musgrave Kinley, taispeántais d'ealaín na hÉireann sa tSín, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus ar fud na hÉireann le Clár Náisiúnta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, agus bhí sí i mbun coimeádaíochta ar an tionscadal *Engagement* – tionscadal a thug le chéile ealaíontóirí ón *Kilkenny Collective for Arts Talent*, Callainn, agus ealaíontóirí ó chleachtais phríomhshrutha éagsúla eile le haghaidh sraith taispeántas, idir na blianta 2013-21. Bhí sí ina comheagarthóir ar *Art and Architecture of Ireland, vol. 5, Twentieth century* (2014) agus *Janet Mullarney* (2019). Is ball gníomhach í de Na Cailleacha (Na Cailleacha.weebly.com). Sa bhliain 2019, bronnadh an chéad dochtúireacht oinigh i Stair na hEalaíne uirthi ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

### Mary Conlon

Is coimeádaí í Mary Conlon atá lonnaithe in Iarthuaisceart na hÉireann. Tá sí ina Stiúrthóir ar The Dock/Leitrim Arts Development CLG agus is í iar-Stiúrthóir Ealaíon Ormston House CLG í. I measc na dtionscadal coimeádaíochta a raibh sí páirteach iontu le déanaí (2024-2025) tá taispeántais aonair le Caline Aoun, Noémie Goudal, Deborah Kelly, Richard Malone, agus Pauline Rowan. Tá sí ina comhpháirtí sa tionscadal de chuid Shared Island, Farm Walks, a dhéanann coimisiúnú ar chomhthograí idir ealaíontóirí agus feirmeoirí. In 2025, bhí sí ina Cathaoirleach Giúiré do Dhuais Ealaíne Leopold Bloom san Ungáir.

### Sara Muthi

Is coimeádaí agus scríbhneoir Éireannach-Rómánach í Sara Muthi atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Díríonn a cleachtas ar choimisiúin a fhorbraítear i gcomhpháirt le heagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha, le cur i láthair in Éirinn agus sa Rómáin. Tá sí ina Coimeádaí Cúnta in IMMA agus bíonn sí ag obair ar go leor taispeántas, ina measc Technologies of Peace: Art and Transition in Contemporary Europe (1989–2026), agus tá sí ina comhoibrí léirithe le Kunstverein Eachroim. Tá sí ina ball de AICA – Cumann Idirnáisiúnta na gCriticeoirí Ealaíne. I measc na ról a bhí aici roimhe seo, bhí sí ina Aoi- Coimeádaí Oideachais i nGailearaí Hugh Lane (2025) agus ina Coimeádaí Ealaíne Físiciúla in Brown Mountain Diamond (2023–2026).

### Aoife Banks

Is coimeádaí amharc-ealaíne comhaimseartha, scríbhneoir agus taighdeoir Éireannach í Aoife Banks, a bhfuil a cleachtas coimeádaíochta fréamhaithe san iniúchadh ar an gcultúr amhairc, sóisialta agus polaitiúil trí lionsa aerach, díchoilíneach. Tá Aoife in Coimeádaí agus

Comhordaitheoir Clár i nGailearaí Luan faoi láthair. Roimhe seo, bhí Aoife i mbun coimeádaíochta ar thaispeántais amhairc-ealaíne comhaimseartha agus bhainistigh sí cláir rannpháirtíochta pobail do ghailearaithe agus d'institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Tá BA aici sa Mínealaín agus sa gCultúr Físiúil (2018) agus MA sa gCultúr Físiúil, Ealaín sa Domhan Comhaimseartha (2020) ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

**Valeria Ceregini**

Is coimeádaí agus staraí ealaíne Iodálach í Valeria Ceregini, atá ag cur fúithi in Éirinn. Déanann sí speisialtóireacht sa taighde éiceolaíoch agus traschultúrtha. Agus í ag obair ar fud na hÉireann agus na hEorpa, forbraíonn sí taispeántais idirdhisciplíneacha agus tionscadail le rannpháirtíocht phobail, léiríonn sí céadtaibhithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tacaíonn sí le healaíontóirí Éireannacha trí ardáin comhpháirtíochta. Scrúdaíonn a cuid taighde léargais nua ar an ealaín chomhaimseartha trí phlé traschultúrtha a chothú. Tá MA aici sa gCumarsáid Eolaíochta (Ollscoil Turin), MA (Onóracha) i Stair na hEalaíne, agus Dioplóma Iarchéime san Oidhreacht Chultúrtha & sa Staidéar Músaem (Ollscoil Genoa). Is í bunaitheoir agus stiúrthóir MISCIA, agus is cóitseálaí creidiúnaithe sna Dinimicí Caidreamhacha í. Tacaíonn a leithéidí seo d'eagraíochtaí lena cuid oibre: An Chomhairle Ealaíon, Culture Ireland agus Creative Ireland.

# Artist and Curator Café: Amharclann Chois Fharraige

Saturday 27th June | 10 am – 4.30 pm | Amharclann Chois Fharraige, Indreabhán,H91 P23Y

**Ealaín na Gaeltachta** and **Visual Artists Ireland** are delighted to invite you to join us for an Artist and Curator Café at Amharclann Chois Fharraige. This event promises a stimulating and immersive day of dialogue and discussion on contemporary art practice for artists (working across all disciplines), and is aimed in particular at artists practising in the Connacht, Munster, Tyrconnell Gaeltacht regions, and throughout County Galway.

Whether you are an early-career artist or an established practitioner, this event provides the tools and connections to help you manifest your own creative projects.

*This marks the first VAI Artist and Curator Café to take place in Conamara in ten years!*

Join us at Amharclann Chois Fharraige for a day designed to spark new collaborations and share vital resources.

**What to Expect**

**Keynote Presentation**: A keynote address from the esteemed **Catherine Marshall**.

**Curator clinics & presentations:** Gain insights from four guest curators — **Mary Conlon, Sara Muthi, Aoife Banks, and Valeria Ceregini** — as they discuss exhibition development and how to build professional relationships. Participants will also have the opportunity to book **1:1 curatorial clinics**, offering personalised feedback and guidance from a curator.

**Artist Practice Showcases**: Hear from artists who will present their work and share their experiences in developing their practice within the region.
**Networking & Dialogue**: Meet fellow artists in a relaxed, café-style environment.
**Hospitality:** A light lunch is included with your registration.

This event will be delivered in both Irish and English.

**Registration Fee:** €10 (includes a light lunch). Registration tea & coffee from 9.30am. This event has been brought together in partnership with Ealaín na Gaeltachta.

**Open Call: Artist Practice Showcase**

Ealaín na Gaeltachta, in partnership with VAI, is delighted to invite artists to submit an expression of interest to be showcased at the Café on 27th June.

Selected artists will present slides of their practice and receive a presentation fee of €50.

- **How to Apply:** Register for this event on the VAI website and send your submission to **services@visualartists.ie**.
- **Submission Requirements:** A short artist's statement (150 words) and three high-resolution images of your work.
- **Closing Date:** 9th June 2026.

## Biographies

### Catherine Marshall (Keynote)

Catherine Marshall is a curator and art historian. She lectured in art history at Trinity College Dublin, the National College of Art and Design and University College Dublin. As founding head of collections at the Irish Museum of Modern Art she curated exhibitions of outsider art from the Musgrave Kinley Collection, exhibitions of Irish art in China, USA and the UK and throughout Ireland with the IMMA National Programme, and was curator to the Engagement project, which brought together artists from the Kilkenny Collective for Arts Talent, Callan, with artists from widely differing mainstream practices for a series of exhibitions 2013-21. She co-edited Art and architecture of Ireland, vol. 5, Twentieth century (2014) and Janet Mullarney (2019). She is an active member of Na Cailleacha (Na Cailleacha.weebly.com). In 2019 she was recipient of the first honorary doctorate in the History of Art from University College Dublin.

### Mary Conlon

Mary Conlon is a curator based in the Northwest of Ireland. She is the Director of The Dock/Leitrim Arts Development CLG and former Artistic Director of Ormston House CLG. Recent curatorial projects (2024–2025) include solo exhibitions by Caline Aoun, Noémie Goudal, Deborah Kelly, Richard Malone, and Pauline Rowan. She is a partner on the Shared Island project, Farm Walks, commissioning joint proposals by artists and farmers. In 2025, she was the chair of the jury for the Leopold Bloom Art Prize in Hungary.

### Sara Muthi

Sara Muthi is an Irish-Romanian curator and writer based in Dublin. Her practice centres on commissions developed in collaboration with arts and cultural institutions, with presentations in Ireland and Romania. She is an Assistant Curator at IMMA, working across several exhibitions, including Technologies of Peace: Art and Transition in Contemporary Europe (1989–2026) and a Curatorial Collaborator with Kunstverein Aughrim. She is a member of AICA – International Association of Art Critics. Previous roles include Guest Education Curator at the Hugh Lane Gallery (2025) and Curator of Visual Art at Brown Mountain Diamond (2023–2026).

### Aoife Banks

Aoife Banks is an Irish contemporary visual art curator, writer, and researcher whose curatorial practice is rooted in the exploration of visual, social, and political cultures through a queer, decolonial lens. Aoife is currently the Curator and Programming Coordinator of Luan Gallery. Previously, Aoife has curated contemporary visual art exhibitions and managed public engagement programmes for galleries and cultural

institutions across Ireland. She holds a joint BA in Fine Art and Visual Culture (2018) and an MA in Visual Culture, Art in the Contemporary World (2020) from the National College of Art and Design.

**Valeria Ceregini**

Valeria Ceregini is an Italian Irish-based curator and art historian specialising in ecological and trans-cultural research. Working across Ireland and Europe, she develops interdisciplinary exhibitions and community-engaged projects, curating national and international premieres and supporting Irish artists through collaborative platforms. Her research explores new perspectives on contemporary art through cross-cultural dialogue. She holds an MA in Communication Science (University of Turin), an MA (Hons) in History of Art, and a PGDip in Cultural Heritage & Museum Studies (University of Genoa). She is the founder and director of MISCIA, and an accredited Relational Dynamics coach. Her work is supported by organisations including the Arts Council of Ireland, Culture Ireland, and Creative Ireland.